C/2024/6289

18.10.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/6289)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Côtes de Provence’

PDO-FR-A0392-AM05

Dáta na teachtaireachta: 25 Iúil 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

Cineálacha fíniúna

Sa tsonraíocht, Caibidil I, Roinn V, pointe 1, ‘Cineálacha fíniúna’, leathnaíodh liosta na gcineálacha fíonchaor chun fíonta dearga, fíonta rosé agus fíonta geala a tháirgeadh. Cuireadh na cineálacha Floreal B, Souvignier Gris B agus Sauvignac B leis agus d’fhéadfadh suas le 5 % de na cineálacha fíniúna a fhástar agus 10 % de na cumaisc a bheith iontu anois.

Tá cuimsiú na gcineálacha sin ar cheann de na réitigh a glacadh don ainmniúchán mar fhreagairt ar an athrú aeráide agus ar úsáid laghdaithe táirgí cosanta plandaí. Tá na cineálacha tánaisteacha nua comhsheasmhach le próifíl fhíonta an ainmniúcháin, agus éascaítear leo oiriúnú do thriomach agus do ghalair fhungasacha. Fágann siad gur féidir úsáid táirgí cosanta plandaí a laghdú.

Sa doiciméad aonair, leasaíodh an roinn ‘Cineálacha fíonchaor’ dá réir sin.

Ní féidir ainmneacha na gcineálacha sin a bheith ar lipéadú fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán. Cuimsíodh an soiléiriú sin sa roinn ‘Coinníollacha breise – lipéadú’ den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

   Côtes de Provence

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

   ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

   1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

[1] IO L9, 11.1.2019, lch. 2.

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Fíonta rosé socra

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is é 11 % neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonta de réir toirte.

Tar éis an choipthe, ní mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta.

Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Is dath bándearg éadrom atá ar na fíonta. Ag brath ar a dtionscnamh, tá raon dea-bholaithe ó na fíonta an-léiritheach sin a d'fhéadfadh a bheith torthaíoch, lena gcumhdaítear torthaí bána, citris, coimhthíocha agus dearga, nó bláthach, cumaiscthe le bolaithe mianracha nó bácáilte. Tá struchtúr a chothromaíonn maothlachas agus beogacht ina bhonn taca leis na dea-bholaithe.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. Fíonta dearga socra

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is é 11 % neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonta de réir toirte.

Tráth an phacáistithe, is é 0,4 gram in aghaidh an lítir an cion uasta aigéid mhalaigh atá acu.

Tar éis an choipthe, tá méid siúcra choipthigh ag na fíonta dearga nach mó ná:

— Fíonta dearga nach mó ná 14 % a neart alcóil nádúrtha de réir toirte: 3 ghram in aghaidh an lítir;

— Fíonta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos mó ná 14 %: 4 ghram in aghaidh an lítir.

Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Tá dath dorcha ar na fíonta dearga agus tá dhá chineál ann:

— fíonta dearga torthaíocha, a tháirgtear trí iad a chur i ndabhach ar feadh tréimhse ghearr, lena n-ól laistigh de thréimhse ghearr ama;

— fíonta dearga atá beartaithe lena gcoinneáil, ar a bhfuil dea-bholaithe casta torthaí dubha, cócó, fiafheola agus spíosraí, agus tainniní cumhachtacha síodúla mar thoradh ar iad a chur i ndabhach ar feadh tréimhse fhada.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. Fíonta geala socra

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is é 11 % neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonta de réir toirte.

Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Tar éis an choipthe, ní mó ná 4 ghram in aghaidh an lítir an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta.

Tá na fíonta geala tirim, agus dath buí le himreacha glasa orthu, agus tá siad geal agus glé. Is citreas, bláthach (bláthanna bána), balsamach nó mil na dea-bholaithe a bhíonn orthu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

I dtáirgeadh fíonta rosé, ceadaítear úsáid a bhaint as gualach fíoneolaíoch le haghaidh úrfhíonta fáiscthe agus fíonta nua fáiscthe atá fós faoi choipeadh laistigh de theorainn 20 % de thoirt iomlán na bhfíonta rosé arna dtáirgeadh ag déantóir fíona aonair le haghaidh gach buainte. Toirmisctear aon chóireáil teasa ar bhuaint na bhfíonchaor i gcás ina n-éiríonn an teocht os cionn 40 °C.

2. Spásáil idir sraitheanna

Modh saothraithe

Níl an t-achar atá ar fáil do gach planda níos mó ná 2,50 méadar cearnach. Ríomhtar an t-achar dromchla sin tríd an spásáil idir sraitheanna a mhéadú faoin spásáil idir plandaí. Ní bheidh an t-achar idir na sraitheanna níos mó ná 2,50 méadar, agus ní mór an t-achar idir na plandaí sa líne chéanna a bheith 0,80 méadar ar a laghad.

3. Prúnáil

Modh saothraithe

Ar a dhéanaí, tarlaíonn prúnáil roimh chéim fheineolaíoch E, i.e. trí dhuilleog neamhfhillte ar an gcéad dá bhachlóg.

Prúnáil spoir (cuachphrúnáil nó tródam Royat) agus sé spor ar a mhéad in aghaidh an phlanda agus dhá bhachlóg in aghaidh an spoir.

I gcás fíniúnacha os cionn 25 bliana d'aois (an 26ú duilliú), féadfaidh cúig bhachlóg ar a mhéad a bheith ar spor aonair, agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda.

Is féidir na cineálacha fíniúna Cabernet-Sauvignon N agus Syrah N faoi réir phrúnála agus modh simplí Guyot á úsáid, agus ocht mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda agus sé bhachlóg ar a mhéad ar an gcána. Níl feidhm ag an bhforáil sin maidir le fíniúnacha atá beartaithe chun fíonta a tháirgeadh ag a bhfuil na hainmniúcháin gheografacha seo a leanas: 'Sainte-Victoire', 'Fréjus', 'La Londe' agus 'Pierrefeu'.

4. Uisciú

Modh saothraithe

Ceadaítear uisciú.

5. Rialú fiailí - Forálacha agrai-éiceolaíocha

Modh saothraithe

— Toirmisctear rialú ceimiceach fiailí ar chinnfhearainn.

— Toirmisctear rialú iomlán ceimiceach fiailí ar dháileachtaí.

5.2. *Uastáirgeacht*

66 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cumhdaíonn an limistéar geografach 84 bhardas. Astu sin, tá 68 i roinn Var; 15 i roinn Bouches-du-Rhône; agus ceann amháin i roinn Alpes-Maritimes.

— I roinn Alpes-Maritimes: Villars-sur-Var;

— I roinn Bouches-du-Rhône: Allauch, Bouc-Bel-Air, Ceyreste, Châteauneuf-le-Rouge, La Ciotat, Cuges-les-Pins, Meyreuil, Mimet, Peynier, Puyloubier, Roquefort-la-Bédoule, Rousset, Simiane-Collongue, Le Tholonet, Trets;

— I roinn Var: Les Arcs, Bagnols-en-Forêt, Le Beausset, Besse-sur-Issole, Bormes-les-Mimosas, Cabasse, La Cadière-d'Azur, Callas, Le Cannet-des-Maures, Carcès, Carnoules, Carqueiranne, Le Castellet, Cavalaire-sur-Mer, Cogolin, Collobrières, Correns, Cotignac, La Crau, La Croix-Valmer, Cuers, Draguignan, Entrecasteaux, Evenos, La Farlède, Figanières, Flassans-sur-Issole, Flayosc, Fréjus, La Garde, La Garde-Freinet, Gassin, Gonfaron, Grimaud, Hyères, La Londe-les-Maures, Lorgues, Le Luc, Les Mayons, Montfort-sur-Argens, La Môle, La Motte, Le Muy, Pierrefeu-du-Var, Pignans, Plan-de-la-Tour, Pourcieux, Pourrières, Le Pradet, Puget-sur-Argens, Puget-Ville, Ramatuelle, Roquebrune-sur-Argens, Saint-Antonin-du-Var, Saint-Cyr-sur-Mer, Sainte-Maxime, Saint-Paul-en-Forêt, Saint-Raphaël, Saint-Tropez, Sanary-sur-Mer, Seillans, Six-Fours-les-Plages, Solliès-Pont, Taradeau, Le Thoronet, Trans-en-Provence, La Valette-du-Var agus Vidauban.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Agiorgitiko N

Barbaroux Rs

Cabernet Sauvignon N

Calabrese N

Caladoc N

Calitor N

Carignan N

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Floreal B

Grenache N

Moschofilero Rs

Mourvèdre N – Monastrell

Rousseli Rs

Sauvignac

Semillon B

Souvignier Gris Rs

Syrah N – Shiraz

Tibouren N

Ugni Blanc B

Verdejo B

Vermentino B – Rolle

Xinomavro N

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Tá limistéar geografach an Ainmniúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint 'Côtes de Provence' suite trasna limistéar aolchloiche Provence íochtaraí thiar agus ó thuaidh, agus trasna limistéar criostalta Provence íochtaraí ó dheas agus thoir (Maures agus Esterel). Síneann sé feadh thránna na Meánmhara, ag sní trí na gleannta, ag síneadh thar charraigeacha grianbhruite go línte garrán péine, thar roinnt bardas i ranna Var, Bouches-du-Rhône agus Alpes-Maritimes.

Baineann an buntáiste a thairbhíonn fíonghoirt 'Côtes de Provence' le héagsúlacht a ngeolaíochta agus a n-ithreacha, mar aon le héagsúlacht a méasaeráide. Mar gheall ar an éagsúlacht sin, bhí ar tháirgeoirí áitiúla uirlisí a ghlacadh chun gur féidir leo an úrnuacht is mó a bhaint amach. Rinne siad é sin trí na cineálacha a roghnú, na gníomhaithe ar gclár táiplise nádúrtha sin, agus trí mhodhanna oibre a oiriúnú amhail curaíocht, dlús agus prúnáil chun na fíniúnacha a dhéanamh táirgiúil agus iad a chosaint ar thriomach an tsamhraidh an tráth céanna. Rinne táirgeoirí a ndálaí táirgthe a oiriúnú le céad bliain anuas freisin le hinfheistíochtaí móra ábharacha agus teicniúla.

Is cinnte go bhfuil a n-éagsúlachtaí féin ag na fíonta a tháirgtear ó na cineálacha éagsúla sin, agus ó shuíomhanna atá chomh héagsúil céanna. Mar sin féin, léirítear a bhféiniúlacht agus a n-úrnuacht i gcleachtais agus i saineolas comhroinnte na dtáirgeoirí áitiúla, go háirithe i dtáirgeadh fíonta rosé.

Tírdhreach lena mbaineann soghluaisteacht an duine is ea an limistéar geografach ina measctar cineálacha fíonchaor atá oiriúnaithe síos trí na glúnta, rud a thugann cáilíocht agus féiniúlacht do na fíonta. Tá saibhreas alcóil agus maothlachais á roinnt leis na cineálacha Grenache N agus Tibouren N mar shampla. Tá bailchríoch agus galántacht á roinnt le Cinsaut N, dea-bholaithe torthaíocha le Syrah N agus maidir le Mourvèdre N tá na fíonta an-oiriúnach don aosú.

Na dálaí aibithe optamacha, atá bainteach le dáileadh na báistí agus na dteochtaí, agus tionchair na ngnáthghaoth ar thiúchan agus ar shláinte an amhábhair, rannchuidíonn siad le cáilíocht agus úrnuacht na bhfíonta a tháirgtear freisin. Tá an chothromaíocht idir aigéadacht agus maothlachas, cobhsaíocht datha agus léiriú galánta aramatach na bhfíonta mar thoradh ar fhíonchaora a fhástar agus a bhuaintear le leibhéil fhlaithiúla siúcra agus polaifeanól.

I gcomhréir le nós, tá na dáileachtaí, atá críochaithe go soiléir le haghaidh bhuaint na bhfíonchaor, bunaithe ar ithreacha éadoimhne le huisciú agus draenáil mhaith.

Le 2 600 bliain de thraidisiún fíoneolaíoch, ó bhí 1980 ann tá fíor-athbheochan déanta ar réigiún 'Côtes de Provence', go háirithe lena tháirgeadh fíonta rosé.

San am atá caite, bhí an-dúil ag 'Rí Maith René', nó René de Anjou, Cunta Provence, i bhfíonta Provence. Trí Marseille a dhéanamh ina limistéar saorthrádála, spreag sé táirgeadh agus trádáil fíona. Thug sé isteach freisin an nós imeachta chun 'vin clairet' (fíon éadrom) agus fíon rosé a dhéanamh. A bhuíochas d'iarrachtaí ambasadóir ardchéime Eleanor de Provence, a bhí le bheith ina Banríon ar Shasana, ghlac na fíonta seo a n-áit sa chúirt i Londain fiú. Sa 17ú agus san 18ú céad, bhí an-tóir orthu i gcúirt na Fraince, áit ar chuir scríbhinní Madame de Sévigné, Cuntaois Grignan, lena gcáil.

Bhí an cháil sin fós orthu sa bhliain 2010. Leanann na saothraithe fíona, na comharchumainn agus na trádálaithe dá n-iarrachtaí feabhas a chur ar na rialacha comhchoiteanna chun ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Provence', a n-oidhreacht chomhroinnte, a chur chun cinn, agus iad ag obair chun go mbeadh meas ar an ainm agus ar an gcineál.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar díreach in aice láimhe, arna shainiú ag an maolú maidir le táirgeadh fíonta, cuimsítear críoch na 10 mbardas seo a leanas de chuid roinn Bouches-du-Rhône agus 41 bhardas de chuid roinn Var.

— I roinn Bouches-du-Rhône: Aubagne, Auriol, La Bouilladisse, Cassis, La Destrousse, Fuveau, Gardanne, Gémenos, Peypin agus Roquevaire.

— I roinn Var: Bandol, Barjols, Belgentier, Bras, Brignoles, Brue-Auriac, Camps-la-Source, La Celle, Châteauvert, Fayence, Forcalqueiret, Garéoult, Le Lavandou, Mazaugues, Méounes-lès-Montrieux, Nans-les-Pins, Néoules, Ollières, Ollioules, Plan-d'Aups-Sainte-Baume, Pontevès, Rayol-Canadel-sur-Mer, Le Revest-les-Eaux, Riboux, Rocbaron, La Roquebrussanne, Rougiers, Saint-Mandrier-sur-Mer, Saint-Maximim-la-Sainte-Baume, Saint-Zacharie, Sainte-Anastasie-sur-Issole, Sillans-la-Cascade, Seillons-Source-d'Argens, La Seyne-sur-Mer, Signes, Solliès-Ville, Toulon, Tourves, Le Val, Villecroze agus Vins-sur-Caramy.

Lipéadú: Ainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is féidir an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Provence' a fhorlíonadh leis na hainmniúcháin gheografacha fhorlíontacha 'Fréjus', 'Sainte-Victoire', 'Pierrefeu' agus 'Notre-Dame des Anges' i gcás na bhfíonta dearga agus rosé.

Is féidir an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Côtes de Provence' a fhorlíonadh leis an ainmniúchán geografach forlíontach 'La Londe' i gcás na bhfíonta dearga, rosé agus geala.

Ní mór go gcomhlíonann na fíonta na coinníollacha a leagtar síos sa tsonraíocht maidir leis an méid seo a leanas: limistéar geografach tionscnaimh na bhfíonchaor; fíonóireacht agus, ó am go chéile, aosú; cineálacha fíniúna; táirgeacht; méid siúcra choipthigh; agus modhanna táirgthe.

Lipéadú: Aonad geografach níos leithne

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Fíonta atá incháilithe don ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, gan beann ar cé acu a fhorlíontar nó nach bhforlíontar iad le hainmniúchán geografach, féadfaidh siad an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Provence' a lua ar a lipéadú. Ní bheidh méid litreacha an aonaid gheografaigh níos leithne sin níos mó, ar airde ná ar leithead, ná méid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, gan beann ar cé acu a fhorlíontar nó nach bhforlíontar é le hainmniúchán geografach. Ní mór an t-aonad geografach níos leithne 'Vin de Provence' a bheith le feiceáil sa réimse radhairc céanna le hainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus an ainmniúcháin gheografaigh.

Lipéadú: Ainmneacha na gcineálacha

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní féidir na cineálacha tánaisteacha seo a leanas a lua ar lipéadú fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán: Agiorgitiko N, Calabrese N, Moschofilero Rs, Verdejo B, Xinomavro N, Floreal B, Souvignier Gris B agus Sauvignac B.

Nasc chuig an tSonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-6be16072-5bff-4b20-8463-9ba01911b0fe